# Oideachas faoi REILIGIÚIN & CREIDIMH & EITIC

**Fáilte chuig ár gcomhairliúchán.** Táimid ag forbairt cuid de Churaclam na Bunscoile. Táimid ag féachaint ar Reiligiúin, Creidimh agus Eitic sa seomra ranga bunscoile agus ba mhaith linn do chuid tuairimí a chloisteáil.

## Cad chuige a bhfuil curaclam don Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic á fhorbairt?

Cuid thábhachtach d'oideachas an pháiste is ea foghlaim faoi shaol, luachanna agus traidisiúin cairde, daltaí eile sa rang agus daoine sa phobal níos leithne.

Tá mórán den fhoghlaim seo ar bun cheana féin in ár seomraí ranga.

Áfach, lena chinntiú go mbeidh deis foghlama den sórt sin ag gach páiste táimid ag forbairt curaclaim anois in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic.




## Cad é mar is féidir liomsa mo thuairim a chur in iúl?

Le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, gabh chuig:

**www.ncca.ie/ga/comháirliúchán/orce**

Tá rogha eile ann, mar atá freastal ar cheann dár n-imeachtaí comhairliúcháin a phoibleofar ar ár suíomh gréasáin.

# Oideachas faoi REILIGIÚIN & CREIDIMH & EITIC

**Tá réimse nua foghlama, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, á mholadh don seomra ranga bunscoile. Ba mhian leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) do thuairimí a chloisteáil.**

### Mar sin de cén fáth a bhfuiltear ag breathnú ar Reiligiúin, Creidimh agus Eitic i seomra ranga na bunscoile?

Baineann cuid thábhachtach d'oideachas do pháiste le foghlaim faoi shaol, luachanna agus traidisiúin a gcairde, a bpáirtithe ranga agus baill an phobail níos leithne. Nasctha leis sin atá an gá go gcothófaí agus go gcuirfí faoi mheas braistint féiniúlachta agus chomhuintearais do pháiste é féin. Tarlaíonn a lán de seo inár gcuid seomraí ranga cheana ach is mian linn a chinntiú go mbaineann gach páiste tairbhe as an bhfoghlaim seo.

### Cén rud é Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh?

In Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh foghlaimeoidh do pháiste faoi na príomhfhoirmeacha reiligiúin, traidisiúin chreidimh agus cruinneshamhlacha a ghabh daoine ar fud an domhain chucu féin. Cabhróidh an fhoghlaim sin le do pháiste meas agus tuiscint a bheith acu ar dhaoine a bhfuil reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha éagsúla acu, agus ionbhá a bheith acu leo.

### Cén rud é Oideachas in Eitic?

Baineann Oideachas in Eitic le bheith ag foghlaim chun roghanna agus cinntí a dhéanamh ar chaoi a chuireann an éifeacht ar dhaoine eile san áireamh. Mar sin de, foghlaimeoidh do pháiste faoi mheas a bheith acu ar dhínit agus ar shaoirse gach uile dhuine. Fiosróidh do pháiste an tábhacht atá le cearta an duine agus le freagrachtaí, chomh maith le háit na córa sa tsochaí. Cabhraíonn na smaointe sin chun freastal ar an leas coiteann. Tá tábhacht leo sin uile chun maireachtáil le chéile in Éirinn sa lá atá inniu ann.

### Conas a chuirfidh an curaclam le saol do pháiste?

Cabhróidh foghlaim faoi reiligiún agus faoi chreidimh agus eitic chun braistint féiniúlachta agus chomhuintearais do pháiste a chothú. Chuige sin forbrófar na tréithe seo a leanas i do pháiste:

- féinfheasacht
- féinmhuinín agus féinmheas
- folláine agus leas

Cruthóidh do pháiste cairdeas le piaraí trí smaointe a roinnt leo faoin domhan agus trí chaint mar gheall ar a dtaithí saoil féin.

Cabhróidh sé le do pháiste a bheith ag labhairt ar chreidiúintí agus ar luachanna pearsanta, agus a bheith ag éisteacht leis na cinn ata ag daoine eile, cabhróidh se sin leo glacadh leis an gceart atá ag gach duine creidiúintí nó tuairimí difriúla a bheith acu.

### Cé dó a bhfuil an réimse foghlama seo?

Beidh ORC agus Eitic ann do gach duine a fhreastalaíonn ar bhunscoil.

### Príomhsmaointe

Cabhróidh ORC agus Eitic le do pháiste:

- Féinfheasacht, muinín, creidimh phearsanta agus braistint dhearfach féiniúlachta a fhorbairt.
- tuiscint conas a chuir cruinneshamhlacha éagsúla leis an gcultúr ina mairimid.
- comhbhá agus lúcháir a thaispeáint i leith ilchineálacht an chine dhaonna agus caidrimh dhoimhne thuisceanacha a bheith acu.
- féintuiscint níos fearr a fháil.
- réiteach le daoine eile.
- an gaol idir cearta agus freagrachtaí a thuiscint.
- míchothromaíocht agus éagóir agus an tionchar a bhíonn ag claontacht a aithint.

### Conas is féidir liomsa mo chuid a rá?

Is féidir leat ionchur a bheith agat sa chomhairliúchán ar ORC agus Eitic trí chuairt a thabhairt ar **www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce** chun ceistneoir a chomhlánú agus a chur isteach.

Seachas sin is féidir freastal ar cheann dár n-imeachtaí comhairliúcháin a fhoilseofar ar ár suíomh gréasáin suíomhgréasáin.

**Le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, gabh chuig:**

**www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce**